



Gaelscoil na Lochanna

Tuairisc Féinmheastóireachta scoile

PFS 3- Mata

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim sa Mhata i nGaelscoil na Lochanna le linn na tréimhse Meán Fómhair 2014 – Feabhra 2015.

Seo tuairisc ar thátáil na meastóireachta:

1.2 Comhthéacs na scoile:

Is Gaelscoil í seo a bunaíodh i 2006.

Tá an scoil ag fás ó 2006 le páistí, múinteoirí, seomraí nua gach bliain ó 2006.

Tá an scoil fós ag fás agus beidh os cionn 200 dalta sa scoil go luath.

Tá an Príomhoide ag siúl ó Mheán Fómhair.

Is scoil aonsruthacha í.

Tá 189 dalta sa scoil. (cáilíní agus buachaillí)

Tá seachtar múinteoir ranga, beirt mhúinteoir feabhais (duine lánaimseartha agus duine páirt aimseartha) agus múinteoir amháin acmhainne sa scoil.

2. Na tátáil

Tá dearcadh dearfach den chuid is mó ag páistí Rang 1-6 i leith Mata

(74% dena páistí Rang 1-6 a dúirt go dtaitníonn mata leo. Bíonn Seachtain Mata an-taitneamhach sa scoil gach bliain.)

Go ginearálta tá marcanna Sigma T an-mhaith ag an scoil ó thosach na scoile . *féach thíos

Tá cleachtas an Mheasúnú sa Mhata an-láidir sa scoil (déantar scrúdú gach téarma agus déanann Rang 1- Rang 6 scrúdú caighdeánach ag deireadh na bliana agus déanann Rang Naí Shin scrúdú deireadh na bliana freisin)

Tá struchtúr an Tacaíocht Foghlama láidir sa scoil. (obair dúshlánach curtha ar fáil do pháistí ar ard-chumas+tá tacaíocht Mata láidir á chur ar fáil do

pháistí ar íseal chumas.)

Tá na Táblaí Mata a mhúineadh i ngach Rang ó Rang 1-6 ach níl plean iomláin scoile ann ina dtaobh.

Fuair 58% dena daltaí scór thar perceintíl 50 sa scrúdú Sigma T i 2014 ach bhí sé seo ag 70% i 2013. **I 2015 d'ardaigh seo go 76%.**

Tá meán marc don scoil sna fadhbanna focail ag 43% (Sigma T) agus seo an cuid is ísle sna scrúduithe caighdeánacha fós. **I 2015 d'ardaigh seo go 45%.**

Tá marcanna íseal don scoil go léir i leith Cruth+Spás 53.5% ach seo ardaithe ó anuraidh (46.2%) **I 2015 d'ardaigh seo go 60%.**

Sna bunranganna go Rang 2 bíonn deacracht ag na páistí an téarmaíocht Mata a léamh. **I 2015 cuireadh plean le chéile chun díriú ar fhoclóir an Mhata a mhúineadh i rang 1+2.**

Scrúduithe Caighdeánacha sa Mhata

	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
Sten 1-3 norm náisiúnta=16%	16.4%	2.9%	6%	4%	0%
Sten idir 3-8 norm náisiúnta=68%	70.9%	68.5%	71%	74%	65%
Sten 8-10 norm náisiúnta=16%	12.7%	28.6%	23%	22%	35%
Thar 50 ^ú perceintíl			70%	56%	76%

3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo.

Rinneadh go leor obair ar Mhata a fheabhsú i PFS 1 (2011).

Tháinig feabhas 10.8% ar mharcanna Fadhanna focail sa scoil an bhliain sin.

Ó 2010 tá feabhas tagtha ar scóranna Cruith agus Spás (feabhas 8.6%) agus Sonraí (feabhas 16.4%) freisin.

Ó 2010- tá iarracht mhór déanta ar dhearcadh dearfach i leith an Mharta a chothú sa scoil.

4. Achoimre ar thátáil na féinmheastóireachta.

4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

Tá dearcadh Dearfach ag na páistí i leith an Mhata.

Tá marcanna Maithe sa Mhata tríd na scoile go ginearálta.

Tá an Measúnú agus an Tacaíocht Foghlama sa mhata láidir sa scoil.

Tá Taithí ag an bhfoireann teagaisc ar fheabhasanna a chothú.

Bhí marcanna an-mhaith sna scrúduithe caighdeánacha i 2015.

4.2 Don phlean seo tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:

1. Táblaí: go mbeidh cur chuige agus plean scoil iomláin maidir lena tablaí a mhúineadh tríd na scoile

2. Mata Meabhrach: Go mbeidh scéim 5 nóim Mata Meabhrach ar siúl tríd na scoile gach lá

Mar ghléas chun cuidiú le dul siar a dhéanamh ar ábhar Mata atá sa churaclam, chun cuidiú lena páistí scil na cumarsáide sa Mhata a fhorbairt agus chun a chinntiú go mbíonn am smaoineamh tugtha dona páistí déanfar Mata Meabharach ar 5 nóim ar a laghad gach lá.

3. Teanga Agus Cur in Iúl sa Mhata Rang 1,2 a fhorbairt

Le deaghúí,

Foireann na Scoile